



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014**

---

**LAIDIN – GNÁTHLEIBHÉAL**

(400 marc)

---

**DÉARDAOIN, 19 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

---

1. [80]

(i) Cuir Gaeilge ar an **gcéad sé líne**:- (35)

Limen ut intravit, luctus videt omnia plena;  
iam spes in puero nulla salutis erat.  
matre salutata (mater Metanira vocatur)  
tangere dignata est os puerile suo.  
pallor abit, subitasque vident in corpore vires.  
tantus caelesti venit ab ore vigor. 6  
tota domus laeta est: hoc est, materque paterque  
nataque: tres illi tota fuere domus.

ÓIVID

(ii) Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas.  
(Tá cúig mharc déag ag dul le gach ceist). (45)

- (a) Cén fáth a raibh an bhandia Ceiréas ag siúl ar fud an domhain sula ndeachaigh sí isteach sa teach?
- (b) Mínigh cén fáth a raibh an oiread sin bróin ar an teaghlach sa teach.
- (c) Conas mar a chabhraigh Ceiréas leo?
- (d) Conas mar a athraíonn giúmar an teaghlach sa **dá** líne dheiridh den sliocht?
- (e) Cén sliocht nó cén dán ar an gcúrsa is mó a bhfuil spéis agat ann?  
Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.
- (f) Scríobh breac-chuntas ar shaol agus ar shaothar Óivid.

2. Cuir Gaeilge ar an sliocht thíos:- [80]

*(Faigheann Ceiréas amach cad a tharla dá hiníon, Proserpina. Iarrann sí cabhair ar Iúpatar chun í a fháil ar ais ó Phlútón, dia an Domhain Thíos.)*

Interea Ceres filiam Proserpinam ubique quaerebat. Tristis in Siciliam venit ubi nympha inquit: ‘noli lacrimare, Ceres. Iam apud inferos Proserpina est regina. Ego ipsa eam vidi.’

Ceres ad regem deorum festinavit et: ‘da mihi auxilium,’ inquit. ‘Filiam mihi redde!’ Iuppiter cum fratre Plutone locutus est. Rex deorum rem ita composuit. Quotannis Proserpina sex menses apud Plutonem manebat et sex menses apud Cererem. Ceres erat laeta.

ubique: *gach áit*

nympha: *nimfeach*

quotannis: *gach bliain*

quaero: *cuardaím*

inferi: *na mairbh, An Domhan Thíos*

mensis: *mí*

Sicilia: *an tSicil*

compono: *socraím*

3. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Tá deich marc ag dul le gach ceist). [80]

*(Conas mar a thosaigh Cogadh na Traí)*

Causa Belli Troiani erat Helena, femina Graeca. Helena, pulcherrima feminarum, uxor erat Menelai regis. Paris, filius regis Troiani, Spartam venit ubi Helena habitabat. Helena Menelao fidelis non erat et Paridem amavit.

Helena cum Paride Troiam clam navigavit et Menelaus iratus erat. Ubi Menelaus auxilium omnium Graecorum oravit, multae naves, multi milites convenerunt. Mox Menelaus naves et milites Troiam duxit nam Helenam referre cupivit.

causa: <i>fáth, cúis</i>	bellum: <i>cogadh</i>	Troianus: <i>Traíoch</i>	Helena: <i>Héilin</i>
Graecus: <i>Gréagach</i>	Menelaus: <i>Meinealás</i>	Paris: <i>Páras</i>	Sparta: <i>Sparta</i>
Troia: <i>An Traí</i>	clam: <i>faoi rún</i>		

- (i) Cé ba chúis le cogadh na Traí?
- (ii) Cén cineál mná ab ea Héilin?
- (iii) Cérbh é a fear céile?
- (iv) Cérbh é Páras?
- (v) Cad é a rinne Héilin nuair a tháinig Páras go Sparta?
- (vi) Conas mar a bhraith Meinealás nuair a sheol Héilin amach go dtí an Traí le Páras?
- (vii) Cad é a tharla nuair a d'iarr Meinealás cabhair?
- (viii) Cad é a rinne Meinealás ansin?
- (ix) Cad é a theastaigh uaidh a dhéanamh?
- (x) Tabhair príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas atá sa sliocht thuas:-

sum, venio, habito, duco, cupio.

- (xi) Tabhair Tuiseal Ainmneach, Uimhir Iolra, de **dhá cheann ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas atá sa sliocht thuas:-

femina, uxor, auxilium, navis, miles.

4. Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Tá ochtó marc ag dul le gach roinn). [80]

A. Cuir Laidin ar na habairtí seo:-

- (a) Fadó fadó bhí leon ag siúl go mall i bhforaois mhór. (16)
- (b) Bhí brón ar an leon mar bhí dealg mhór ina chos aige. (16)
- (c) Bhain aoire an dealg amach chun cabhair a thabhairt don leon. (16)
- (d) Ina dhiaidh sin chaith saighdiúirí an t-aoire chuig na leoin san airéine. (16)
- (e) Shábháil an leon cróga an t-aoire a raibh scanradh an domhain air. (16)

*dealg*: spina, -ae, b.  
*airéine*: arena, -ae, b.

*aoire*: pastor, -oris, f.

## NÓ

B. Cuir Gaeilge ar an sliocht thíos:-

*(Bhuaigh na Rómhánaigh an Chéad Chogadh Púnach agus ansin rinne Hannabal ionradh ar an Iodáil sa Dara Cogadh Púnach)*

Romani tria bella contra Poenos gesserunt ut Carthaginem superarent. Primo bello Romani insulam Siciliam ceperunt et deinde pacem cum Poenis fecerunt.

Bellum secundum longissimum erat nam dux Poenorum, Hannibal nomine, fortissimus erat et consilium novum cepit. Hannibal cum Romanis in mari non pugnavit, sed in Hispaniam cum exercitu navigavit. Hannibal ex Hispania trans Alpes in Italiam exercitum clam duxit.

bellum: *cogadh*  
Sicilia: *an tSicil*  
trans: *trasna*

Poenus: *Cartaigeach*  
Hispania: *an Spáinn*  
Alpes: *na hAlpa*

Carthago: *An Chartaig*  
exercitus: *arm*  
clam: *faoi rún*

5. **Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A agus Roinn B. [40]

A. Tabhair faoi **chúig cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- (i) Cén tábhacht a bhain le cath na nOileán Aegates in 241 R.Ch.?
- (ii) Mínigh conas mar a tháinig an Dara Cogadh Púnach as an ionsaí a rinne Hannabal ar Saguntum.
- (iii) Conas mar a chabhraigh Airciméidias chun Sioracús a chosaint? Cad a tharla dó nuair a ghabh na Rómhánaigh an chathair in 211 R.Ch.?
- (iv) Cad ba *latifundia* iontu? Conas mar a d'imir siad tionchar ar an Róimh?
- (v) Cérbh iad na Cimbri agus na Teutones? Cad a tharla dóibh?
- (vi) Conas mar a fuair Sulla aitheantas mar cheannaire míleata i dtosach?
- (vii) Déan cur síos ar **dhá** leasú a rinne Mairias san arm Rómhánach.
- (viii) Cérbh iad an triúr fear sa Chéad Triúracht in 60 R.Ch.?
- (ix) Cén tábhacht a bhain le Caesar ag trasnú an Rubicon in 49 R.Ch.?
- (x) Cén fáth ar theith Poimpéas chuig an Éigipt? Cad a tharla dó ann?

B. Deich mbliana tar éis bhás a dhearthár, lean **Gaius Gracchus** a lorg polaitiúil agus fuair sé féin bás go foréigneach freisin. Déan cur síos ar na príomheachtraí ina ghníomhréim. (20)

## NÓ

Chuir saighdiúirí Mharcais Antaine críoch bhrúidiúil le beatha **Chicearó** in 43 R.Ch. Scríobh cuntas ar na príomhchéimeanna i ghníomhréim **Chicearó**. (20)

6. Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach. Freagair Roinn A agus Roinn B. [40]

A. Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- (i) Cén cuspóir a bhí le *bulla*?
- (ii) Cén cineál foirgnimh ab ea *insula*? Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhain le cónaí i gceann.
- (iii) Cén ról a bhí ag *praetor* sa stát Rómhánach?
- (iv) Cad ba *triclinium* ann? Déan cur síos ar a phríomhghnéithe.
- (v) Cad ba *fascēs* ann? Cad dó ar sheas siad?
- (vi) Luaigh na **trí** chuid in ainm an tsaoránaigh Rómhánaigh. Tabhair sampla d'ainm dá leithéid.
- (vii) Cad ba hipeacóst ann? Déan cur síos ar a phríomhghnéithe.
- (viii) Cén ról a bhí ag *grammaticus* i sochaí na Róimhe?
- (ix) Ainmnigh **dhá** chineál gliaire. Déan cur síos ar conas mar a bhí gach ceann díobh armáilte.
- (x) Cén ról a bhí ag *materfamilias* i dteaghlach Rómhánach?

B. Féach ar an léiriú thíos de *lararium* as Teach na Vettii i bPoimpé agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh:- (20)



- (i) Cá háit i dteach Rómhánach a mbeifeá ag súil le *lararium* a fheiceáil de ghnáth? (2)
- (ii) Cén fheidhm a bhí ag *lararium*? Cad ba *Lares* agus *Penates* ann? (6)
- (iii) Samhlaigh gur buachaill nó cailín Rómhánach tú. Iarradh ort nósanna reiligiúnacha na Rómhánach a mhíniú do chairde sna cúigí. Scríobh litir ina n-áirítear eolas faoi na déithe agus na bandéithe móra; na Maighdeana Veisteacha; íobairt agus *augur* agus *haruspex*. (12)

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**